Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9510/26**

**ENV 534**
**SAN 324**
**CONSOM 171**
**DELACT 90**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 235 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>ar fheidhmiú na cumhachta atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 235 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 235 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2026
COM(2026) 235 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**ar fheidhmiú na cumhachta atá tarmligthe chuig an gCoimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh de bhun Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú)**

## 1. RÉAMHRÁ

Glacadh Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (dá ngairtear 'an Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil' anseo feasta) i mí na Nollag 2020 agus tháinig sí i bhfeidhm an 12 Eanáir 2021. Bhí ar na Ballstáit í a thrasuí faoin 12 Eanáir 2023.

Is iad príomhchuspóirí na Treorach athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil sláinte an duine a chosaint ar na héifeachtaí díobhálacha a ghabhann le haon éilliú uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine trína áirithiú go mbeidh an t-uisce glan folláin, agus rochtain ar uisce a choinneáil ar bun agus feabhas a chur uirthi.

Le hAirteagal 21(2) den Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar feadh tréimhse 5 bliana ón **12 Eanáir 2021**. Déantar trácht ar na gníomhartha tarmligthe in Airteagal 4(3), Airteagal 11(5), 11(8) agus 11(11), Airteagal 13(6) agus Airteagal 20(2) den Treoir.

Cumhdaítear roinnt príomhréimsí teicniúla leis na gníomhartha tarmligthe sin chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach.

- **Airteagal 4(3):** ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leagfar amach tairseach uile-Aontais maidir le leibhéil sceite uisce sa soláthar uisce faoin 12 Eanáir 2028, bunaithe ar an Innéacs Sceite Bonneagair nó ar mhodh eile is iomchuí. Déanfaidh na Ballstáit sin ina bhfuil leibhéil sceite uisce ar a gcríocha náisiúnta a sháraíonn an tairseach sin plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina leagfar síos sraith beart atá le déanamh chun an sceitheadh a laghdú. Ba chóir an gníomh tarmligthe a dhréachtú trí úsáid a bhaint as measúnaithe na mBallstát agus as meánráta sceite an Aontais arna chinneadh ar bhonn na measúnuithe sin.
- I gcomhthéacs chur chun feidhme **Airteagal 11 maidir le híoscheanglais sláinteachais d'ábhair a thagann i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine**, ceanglaítear ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - **Airteagal 11(5):** nós imeachta a bhunú, lena n-áirítear ceanglais maidir le faisnéis, maidir leis an bpróiseas iarratais chun substaintí tosaithe, comhdhéanaimh agus comhábhair a chur leis na liostaí dearfacha Eorpacha, nó a bhaint díobh;
    - **Airteagal 11(8):** an nós imeachta um measúnú comhréireachta iomchuí is infheidhme maidir le táirgí a chumhdaítear faoi Airteagal 11 a chinneadh ar bhonn na modúl in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
    - **Airteagal 11(11):** sonraíochtaí comhchuibhithe a bhunú le haghaidh marcáil fheiceálach, inléite go soiléir agus dhoscriosta a úsáidfear chun a léiriú go bhfuil táirgí i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine i gcomhréir le híoscheanglais sláinteachais an Aontais maidir le hábhair a thagann i dteagmháil le huisce.
- **Airteagal 13(6):** tá sé de cheanglas ar an gCoimisiún modheolaíocht a ghlacadh chun micreaphlaistigh in uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine a thomhas.
- **Airteagal 20(2):** cumhachtaítear an Coimisiún leis an méid seo a leanas a dhéanamh:
    - Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir a leasú, i gcás inar gá, chun í a oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;

- luach paraiméadrach Bhisfeanól A a leasú i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir, a mhéid is gá chun í a oiriúnú do dhul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

## 2. BUNÚS DLÍ

De bhun Airteagal 21(2), ní mór don Choimisiún tuarascáil a tharraingt suas i leith tharmligean na cumhachta tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana (is é sin an 12 Eanáir 2026).

I gcomhréir le hAirteagal 21(2) den Treoir, chuirfí síneadh intuigthe le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhse 5 bliana eile ón 12 Eanáir 2026, mura gcuirfeadh Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle in aghaidh an tsínidh sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh an dáta sin.

## 3. CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE A FHEIDHMIÚ I RITH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

I rith na tréimhse tuairiscithe, d'fheidhmigh an Coimisiún a chumhachtaí tarmligthe mar seo a leanas chun cur chun feidhme éifeachtach na Treorach a áirithiú.

- **I gcomhréir le hAirteagal 11(5), 11(8) agus 11(11)** maidir le híoscheanglais sláinteachais d'ábhair a thagann i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine, seo a leanas a ghlac an Coimisiún an 23 Eanáir 2024:
  - Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/369 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle tríd an nós imeachta a leagan síos maidir le substaintí tosaithe, comhdhéanaimh agus comhábhair a chur leis na liostaí dearfacha Eorpacha, nó a bhaint díobh;
  - Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/370 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a leagan síos le haghaidh táirgí a thagann i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine, agus na rialacha maidir le comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá páirteach sna nósanna imeachta sin a ainmniú;
  - Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/371 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonraíochtaí comhchuibhithe a bhunú maidir le marcáil táirgí a thagann i dteagmháil le huisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine.
- **I gcomhréir le hAirteagal 13(6)**, is é seo a leanas a ghlac an Coimisiún an 11 Márta 2024:
  - Cinneadh Tarmligthe (AE) 2024/1441 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhodheolaíocht a leagan síos chun micreaphlaistigh in uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine a thomhas (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C (2024)1459).

## 4. COMHAIRLIÚCHÁN ROIMH GHLACADH

Comhairliúchán forleathan le saineolaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit tríd an **nGrúpa Saineolaithe maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le hUisce Óil**[1] **agus leis an dá fhoghrúpa arna**

[1] Grúpa Saineolaithe E03030.

**mbunú faoin nGrúpa Saineolaithe sin**: sin a rinne an Coimisiún le haghaidh gach gnímh tharmligthe a glacadh.

Sular glacadh na dréachtghníomhartha, cuireadh in iúl iad don Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus foilsíodh iad le haghaidh aiseolas ón bpobal ar feadh tréimhse 4 seachtaine chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara a áirithiú.

## 5. AN TARIMLIGEAN A FHEIDHMIÚ SA CHÉAD TRÉIMHSE EILE

Meastar gur gá an cumhachtú dá dtagraítear in Airteagal 4(3) agus Airteagal 20(2) den Treoir a fheidhmiú ar na cúiseanna seo a leanas.

- I gcomhréir le hAirteagal 4(3), ceanglaítear ar an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh lena leagfar amach tairseach maidir le leibhéil sceite uisce sa soláthar uisce faoin 12 Eanáir 2028, bunaithe ar an Innéacs Sceite Bonneagair nó ar mhodh eile is iomchuí. Ba chóir an gníomh tarmligthe a dhréachtú trí úsáid a bhaint as measúnaithe na mBallstát agus as meánráta sceite an Aontais arna chinneadh ar bhonn na measúnuithe sin. Bhí na Ballstáit le torthaí an mheasúnaithe a chur in iúl don Choimisiún faoin 12 Eanáir 2026. Tá measúnú ar bun ag an gCoimisiún ar na torthaí sin faoi láthair.
- Faoi Airteagal 20(2), leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann Iarscríbhinn III a leasú nó luach paraiméadrach Bhisfeanól A a leasú chun iad a ailíniú leis an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, chun a chinneadh an bhfuil gá le gníomhartha tarmligthe.

## 6. CONCLÚID

D'fheidhmigh an Coimisiún na cumhachtaí tarmligthe iomchuí a deonaíodh faoin Treoir athmhúnlaithe maidir le hUisce Óil agus i gcomhréir lena fhorálacha cumasúcháin.

Ós rud é gur próiseas atá ar siúl go fóill é cur chun feidhme na Treorach, go háirithe a mhéid a bhaineann le tairseach a bhunú do leibhéil sceite uisce i slabhra soláthair an uisce agus an gá a d'fhéadfadh a bheith ann Iarscríbhinn III agus/nó luach paraiméadrach Bhisfeanól A a leasú mar gheall ar dhul chun cinn leanúnach eolaíoch agus teicniúil, measann an Coimisiún gur léir an gá le **síneadh intuigthe** a chur le tarmligean na cumhachta go ceann tréimhse 5 bliana sa bhreis.

Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.